AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.3.2024
COM(2024) 123 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma ar an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol

{SWD(2024) 60 final}

1. RÉAMHRÁ 2
2. DUL CHUN CINN I dTREO CUSPÓIRÍ TOSAÍOCHTA 3
2.1 Laghdú tapa intuartha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus linnte carbóin nádúrtha a fheabhsú 3
2.2 Oiriúnú don athrú aeráide a neartú agus a phríomhshruthú, lena n-áirítear cineálacha cur chuige éiceachórais 6
2.3 Geilleagar ciorclach glan 8
2.4 Truailliú nialasach ar mhaithe le timpeallacht saor ó thocsainí 11
2.5 Bithéagsúlacht a chosaint, a chothabháil agus a athbhunú 14
2.6 An brú comhshaoil agus aeráide a thagann ó tháirgeadh agus ó thomhaltas a laghdú 16
3. DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS NA COINNÍOLLACHA CUMASÚCHÁIN A ROGHNAÍODH 19
3.1 Cur chun feidhme, forfheidhmiú agus an smacht reachta comhshaoil 19
3.2 An t-aistriú a mhaoiniú 20
3.3 Rialachas le haghaidh ceapadh beartais comhtháite 21
3.4 Samhlacha gnó inbhuanaithe ar mhaithe le geilleagar athléimneach 22
3.5 Aistriú cóir agus cothroime comhshaoil 23
3.6 An nasc idir an comhshaol agus an tsláinte 24
3.7 An digitiú 25
3.8 Glacadh domhanda 26
4. DUL CHUN CINN A THOMHAS 27
5. CONCLÚIDÍ 27

1. RÉAMHRÁ

Aithnítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip a dhéine atá an dúshlán a bhaineann, ó ghlúin go glúin, leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil, dúshlán a bhfuil eolaithe agus eacnamaithe ag tabhairt rabhadh níos mince ina leith go mb'fhéidir nach mbeifear in ann dul siar air[1]. Chuir sé an tAontas ar chonair a bheith ar an gcéad *mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050, a bheidh tíosach ar acmhainní agus nach bhfágfaidh duine ná spás ina diaidh"*[2]. Leagtar amach ann clár oibre claochlaitheach chun go mbeidh an tAontas ina gheilleagar nua-aimseartha iomaíoch a bheidh athléimneach in aghaidh suaití seachtracha agus a chuirfidh ar chumas daoine saol cothrom rathúil a bheith acu i dtimpeallacht shláintiúil.

Ag tógáil ar an gComhaontú Ghlas, bunaítear leis an **8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol**[3] creat gníomhaíochta maidir le beartas comhshaoil agus aeráide go dtí 2030 ina bhfuil sé chuspóir tosaíochta téamacha le haghaidh 2030 agus cuspóir tosaíochta fadtéarmach le haghaidh 2050 mar atá maireachtáil go maith, laistigh de theorainneacha ár bpláinéid. Sainaithnítear ann na coinníollacha cumasúcháin le haghaidh gach earnála chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh ar bhealach comhleanúnach. Tá cur chun feidhme an chláir sin fíor-riachtanach chun na cuspóirí comhshaoil agus aeráide faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach mar aon leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil agus aeráide a bhaineann leis.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol, cuirtear i láthair sa tuarascáil seo **athbhreithniú meántéarma**[4] ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí tosaíochta téamacha an chláir a bhaint amach. Féachtar ann ar stádas na gcoinníollacha cumasúcháin, agus ar an dul chun cinn atá déanta chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar athrú sistéamach. Tá doiciméad inmheánach oibre ag gabháil leis ina dtugtar léargas níos doimhne ar gach cuspóir tosaíochta, ar an gcreat cumasúcháin agus ar fhaireachán, chomh maith le fís an chláir do 2050.

Baineann an t-athbhreithniú meántéarmach seo leas as **tuarascáil faireacháin** na **Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA)** ar dhul chun cinn i dtreo an chláir[5], atá bunaithe ar chreat faireacháin an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol[6]. Breithnítear ann freisin an plé le saineolaithe agus páirtithe leasmhara na mBallstát, an t-aiseolas a fuarthas mar fhreagra ar an nglao ar fhianaise[7] agus torthaí gaolmhara eile.

Ar an iomlán, tá dul chun cinn déanta mar thoradh ar na bearta uaillmhianacha a rinne an tAontas, go háirithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú agus maoiniú a shlógadh le haghaidh an aistrithe ghlais. **Beifear in ann cuspóirí**

[1] https://www3.weforum.org/docs/WEF_The_Global_Risks_Report_2024.pdf. Sa Tuarascáil maidir le Rioscaí Domhanda 2024 ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda, léirítear gurb iad na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil na rioscaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha is mó atá ann.
[2] COM(2019) 640 final.
[3] Cinneadh (AE) 2022/591.
[4] Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2022/591.
[5] https://www.eea.europa.eu/publications/european-union-8th-environment-action-programme.
[6] COM(2022) 357 final.
[7] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/14080-8th-Environment-Action-Programme-Mid-term-Review_en.

2030 a bhaint amach má chomhlíonann na Ballstáit a ngealltanais maidir le beartais agus dlíthe a chur chun feidhme.

Mar sin féin, tá **gá le hiarrachtaí breise** chun aistriú i dtreo táirgeadh agus tomhaltais inbhuanaithe. D'éileodh sé sin, i measc nithe eile, féachaint i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar roghanna malartacha oiriúnacha ar fud na bpríomhearnálacha eacnamaíocha, rud a d'fhéadfadh iomaíochas an Aontais a áirithiú an tráth céanna. Cruthaíonn tomhaltas an Aontais tionchair atá fós ag trasnú teorainneacha áirithe ár bpláinéid. Ina theannta sin, cé go bhfuil éachtaí suntasacha bainte amach le blianta beaga anuas, lena n-áirítear glacadh mór fuinnimh in-athnuaite agus spleáchas níos lú ar bhreoslaí iontaise, d'fhéadfadh an tAontas úsáid amhábhar agus acmhainní iontaise a laghdú a thuilleadh. Rannchuideodh sé sin leis na leibhéil truaillithe aeir, uisce agus ithreach a laghdú, le cailliúint na bithéagsúlachta a laghdú, agus, ar an gcaoi sin, mhaolódh sé an brú ar éiceachórais agus ar na slabhraí luacha.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, **na gníomhaíochtaí uaillmhianacha arna ndéanamh faoin gComhaontú Glas don Eoraip, mar a léirítear san 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol, a ghlacadh agus a chur chun feidhme ina n-iomláine** chun fíorthionchair ar an talamh agus athléimneacht fhadtéarmach gheilleagar agus shochaí an Aontais a bhaint amach.

2. DUL CHUN CINN I dTREO CUSPÓIRÍ TOSAÍOCHTA

2.1 Laghdú tapa intuartha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus linnte carbóin nádúrtha a fheabhsú

Tá an t-athrú aeráide ag dul in olcas agus tá tionchar níos measa aige ar dhaoine, ar an dúlra agus ar gheilleagair, san Aontas agus ar fud an domhain araon.

Tá **dul chun cinn maith déanta ag an Aontas i dtreo na sprice maidir le glanastaíochtaí GCT a laghdú. Ach ní mór dó níos mó a dhéanamh chun an sprioc a bhaint amach maidir le glanaistrithe GCT trí linnte carbóin ó earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta (LULUCF).** Tá treochtaí ón earnáil sin diúltach san Aontas, atá ag cailleadh linnte carbóin, agus tá astaíochtaí á dtáirgeadh ag earnáil úsáide talún roinnt Ballstát seachas aistrithe.

Ar an iomlán, léiríonn sonraí 2022 go bhfuil **glanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre an Aontais** (gan eitlíocht idirnáisiúnta san áireamh) **ag titim de réir a chéile**, is é sin laghdú 32.5 % (i gcomparáid le 1990) in 2022[8]. Mar sin féin, chun sprioc laghdaithe gás ceaptha teasa 2030 an Aontais a bhaint amach (–55 % ar a laghad i gcomparáid le 1990) agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ní **mór dlús a chur le luas an laghdaithe astaíochtaí chun an meánráta bliantúil laghdaithe a baineadh amach le 10 mbliana anuas a bhaint amach beagnach faoi thrí**. I gcomparáid le hiarrachtaí maolaithe roimhe seo, is i bhfoirgnimh agus iompar atá gá leis na laghduithe is mó ar astaíochtaí, mar a bhfuil luas an dícharbónaithe mall nó ag dul sa treo eile fiú.

[8] COM(2023) 653 final.

Chun **an sprioc maidir le glanaistrithe GCT trí linnte carbóin ó LULUCF a bhaint amach**, tá sé ríthábhachtach borradh suntasach a chur faoi aistrithe carbóin**.**

Leag an tAontas cuspóir amach dó féin atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun **aeráidneodracht agus athléimneacht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 sa Dlí Aeráide Eorpach**[9], a ghlac sé in 2021. Leagtar síos freisin sa Dlí Aeráide Eorpach sprioc eatramhach chun laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990.

Leis an **bpacáiste beart 'Oiriúnach do 55'**[10], cuirtear an tAontas ar chonair chun a spriocanna aeráide a bhaint amach ar bhealach cothrom, costéifeachtach agus iomaíoch. Ghlac an tAontas an chuid is mó de na príomhthograí sa phacáiste[11] lena n-áiritheofar, má chuirtear chun feidhme ina n-iomláine iad, go gcomhlíonfaidh an tAontas a sprioc nuashonraithe 2030 maidir le glan-GCT. Tá **Córas Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe** an Aontais níos uaillmhianaí anois agus laghdóidh sé astuithe faoi 62 % in 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005 agus leathnaítear é chun iompar muirí idirnáisiúnta a chumhdach. Beidh feidhm ag córas nua ar leith trádála astaíochtaí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó dhóchán breosla in earnáil an iompair de bhóthar agus i bhfoirgnimh agus in earnálacha astaithe beaga (CTA2)[12] ina mbeidh laghdú 42 % ar astaíochtaí in 2030 i gcomparáid le 2005.

Chinn an tAontas an sprioc fhoriomlán laghdaithe astaíochtaí a leagadh síos faoin **Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill,**[13] a chumhdaíonn astaíochtaí GCT ó iompar intíre (gan CO_2 ón eitlíocht san áireamh), ó fhoirgnimh, ón talmhaíocht, ó thionscail bheaga agus ó dhramhaíl, a ardú ó 29 % go 40 % faoi 2030 i gcomparáid le 2005, **le spriocanna athbhreithnithe do 2030 le haghaidh gach Ballstáit**.

Leagtar síos sa **Rialachán nua maidir le LULUCF**[14] cuspóir foriomlán ar leibhéal an Aontais chun coibhéis 310 Mt CO_2 de ghlanaistrithe talamhbhunaithe a bhaint amach in 2030.

In 2022 agus in 2023, rinne an Coimisiún tograí breise chun an t-aistriú cóir agus ionchuimsitheach i dtreo aeráidneodracht a bhrostú. Mar shampla, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le gáis ceaptha teasa fluairínithe (gáis-F),[15] rud a laghdóidh a thuilleadh astaíochtaí ó na gáis ceaptha teasa an-láidir sin. Mhol an Coimisiún spriocanna laghdaithe astaíochtaí níos uaillmhianaí le haghaidh

[9] Rialachán (AE) 2021/1119.
[10] COM(2021) 550 final.
[11] Áirítear leis sin an Treoir athbhreithnithe maidir le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais, CTA nua le haghaidh foirgneamh, iompar ar bhóthar agus breoslaí, Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, caighdeáin CO_2 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna, an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, bunú an Chiste Aeráide Shóisialta, an tionscnamh 'FuelEU Maritime', an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Is í an Treoir athbhreithnithe maidir le Cánachas Fuinnimh atá beartaithe an t-aon rud a bhfuil a comhaontú fós ar feitheamh ina leith.
[12] Treoir (AE) 2023/959 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE.
[13] Rialachán (AE) 2023/857.
[14] Rialachán (AE) 2023/839.
[15] COM/2022/150 final.

feithiclí tromshaothair[16]. Chuir sé plean REPowerEU chun cinn freisin[17] le bearta sonracha chun spleáchas fuinnimh an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú, agus chun dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip le gníomhaíochtaí nua, ag cur leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55'. Chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte agus iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus borradh a chur faoin nuálaíocht, go háirithe i dteicneolaíochtaí glasa, agus chun aistriú rianúil aeráide a áirithiú, chuir an Coimisiún Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach chun cinn. Is iad an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta agus an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla[18] na príomhphíosaí reachtaíochta chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Beidh gá le **haistrithe carbóin** chun go mbeidh an tAontas in ann aeráidneodracht a bhaint amach in 2050 agus bogadh chuig astaíochtaí diúltacha ina dhiaidh sin, chun buiséad carnach GCT an Aontais a íoslaghdú[19]. Chun aistrithe carbóin ardcháilíochta atá deimhnithe ag an Aontas a áirithiú, mhol an Coimisiún creat rialála chun **aistrithe carbóin a dheimhniú**[20]. Is é an aidhm atá ann creat rialachais trédhearcach agus inchreidte a bhunú, lena n-áirítear chun modheolaíochtaí deimhniúcháin a fhorbairt, infheistíochtaí breise a spreagadh i ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus a n-úsáid a mhéadú. D'eisigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le bainistiú carbóin tionsclaíoch i mí Feabhra 2024 chun tacú le gníomhaíocht an Aontais chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin.

Leis na **straitéisí bithéagsúlachta, ithreach agus foraoise,** leag an tAontas spriocanna uaillmhianacha síos chun éiceachórais a chosaint, go háirithe éiceachórais ar mhórán carbóin. Cuideoidh an Dlí um Athbhunú Dúlra[21] le **héiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú, go háirithe na héiceachórais sin a bhfuil an-acmhainneacht acu carbón a ghabháil agus a stóráil,** amhail foraoisí, tailte portaigh agus bogaigh. Le gealltanas an Aontais **3 bhilliún crann breise** ar a laghad a chur faoi 2030, tacófar freisin le gníomhaíocht maidir leis an athrú aeráide a mhaolú. Trína áirithiú nach gcuirfidh tomhaltas ná táirgeadh an Aontais leis an dífhoraoisiú, is uirlis thábhachtach eile é an Rialachán maidir le **táirgí gan dífhoraoisiú**[22] sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta.

Tá sé ríthábhachtach an pacáiste 'Oiriúnach do 55' **a chur chun feidhme ina iomláine** agus **infheistíochtaí leordhóthanacha** a shlógadh (féach Roinn 3.2). I gcás roinnt Ballstát, níl an dul chun cinn comhsheasmhach leis an leibhéal gníomhaíochta is gá chun na spriocanna aeráide fadtéarmacha a bhaint amach.

Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil sna **dréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna) nuashonraithe**, faoi 2030, meastar go mbeidh glanastaíochtaí GCT in

[16] COM(2023) 88 final.
[17] COM(2022) 230 final.
[18] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide 2023.
[19]ESABCC (2023), Comhairle eolaíoch maidir le sprioc aeráide ar fud an Aontais le haghaidh 2040 a chinneadh mar aon le buiséad gáis ceaptha teasa le haghaidh 2030-2050, DOI: 10.2800/609405.
[20] COM(2022) 672 final.
[21] COM(2022) 304 final.
[22] Rialachán (AE) 2023/1115.

2030 51 % níos ísle ná mar a bhí in 1990[23], is é sin 4 phointe céatadáin níos lú ná an sprioc 55 % a leagtar síos sa Dlí Aeráide. Sa mheastachán sin, úsáidtear an chaidhp arna forchur ar rannchuidiú na hearnála LULUCF leis an gcuspóir 'Oiriúnach do 55', arna socrú ag 225 Mt CO2-eq. Dá gcuirfí rannchuidiú na hearnála LULUCF os cionn na caidhpe sin leis, thiocfadh laghdú iomlán 51.7 % ar astaíochtaí. Leis an gconair a shainaithnítear sna dréacht-PNFAnna nuashonraithe, tuartar nach mbeidh an tAontas in ann aeráidneodracht a bhaint amach in 2050[24]. Cé go bhfuil laghdú 32.5 % tagtha ar astaíochtaí san Aontas[25] ó bhí 1990 ann, cuirtear i dtábhacht san anailís ar astaíochtaí réamh-mheasta sna dréacht-PNFAnna nuashonraithe an gá atá ann dlús a chur leis an luas. Leis na dréacht-PNFAnna nuashonraithe, táimid níos gaire do spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach, ach is léir go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun dlús a chur le cur chun feidhme na reachtaíochta 'Oiriúnach do 55' a comhaontaíodh. Tá na Ballstáit ag tabhairt a bpleananna cothrom le dáta anois faoi mhí an Mheithimh 2024 agus tá machnamh á dhéanamh acu ar conas beartais agus infheistíochtaí a fheabhsú chun sprioc 2030 maidir le laghduithe 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí GCT a bhaint amach.

I mí Feabhra 2024, mar a iarradh faoin Dlí Aeráide Eorpach, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht agus measúnú tionchair mionsonraithe maidir **le sprioc aeráide an Aontais do 2040**, chun an chonair a bhunú ó sprioc idirmheánach chomhaontaithe 2030 **go dtí astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050**. Le sprioc 2040, cuirfear intuarthacht ar fáil do chinnteoirí agus d'infheisteoirí chun an tAontas a choinneáil ar an mbealach i dtreo na haeráidneodrachta agus chun tacú le cur chun feidhme spriocanna 2030. Seolfaidh sé teachtaireacht láidir freisin chuig comhpháirtithe an Aontais ar fud an domhain maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht dhomhanda ar son na haeráide a threisiú.

Seolann an teachtaireacht ón gCoimisiún idirphlé le páirtithe leasmhara i dtreo 2040. Beidh togra reachtach chun an Dlí Aeráide Eorpach a leasú chun an sprioc sin a chur san áireamh, chomh maith leis an gcreat beartais le haghaidh na tréimhse i ndiaidh 2030, faoi chúram an chéad Choimisiúin eile. Beidh an sprioc chomhaontaithe ina bonn le rannchuidiú nua arna chinneadh go náisiúnta de chuid an Aontais, nach mór do gach páirtí i gComhaontú Pháras a thíolacadh in 2025.

2.2 Oiriúnú don athrú aeráide a neartú agus a phríomhshruthú, lena n-áirítear cineálacha cur chuige éiceachórais

Tuairiscítear sa mheasúnú is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide go mbeidh teagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid, amhail tuilte, triomaigh agus tonnta teasa, ann níos minice agus go mbeidh siad níos déine. Tarlóidh sé sin fiú sa chás

[23] Glanastaíochtaí iomlána GCT, lena n-áirítear an earnáil LULUCF agus gan iompar idirnáisiúnta a chur san áireamh.

[24] Meastar i dtuarascáil ar dhul chun cinn 2023 maidir le gníomhú ar son na haeráide nach mór do Bhallstáit an Aontais bearta maolaithe breise a dhéanamh chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 chun thart ar 1 600 milliún tona de choibhéis CO_2 (nó 34 phointe céatadáin) a laghdú. Tá na sonraí a sholáthraítear sna PNFAnna i gcomhréir leis an toradh sin.

[25] Tuarascáil 2023 ar Dhul Chun Cinn maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, COM(2023) 653 final.

is fearr ina ndéanfar laghdú tapa géar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

Tá **éifeachtaí an athraithe aeráide** ar éiceachórais, ar earnálacha socheacnamaíocha agus ar shláinte agus ar fholláine daoine le brath cheana féin.

Bhásaigh líon mór daoine mar thoradh ar theagmhais a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid san Eoraip, is é sin idir 85 000 agus 145 000 idir 1980 agus 2020,[26] mar gheall ar thonnta teasa den chuid is mó. In 2022, measadh gurbh iad tonnta teasa ba chúis le breis agus 60 000 bás iomarcach, figiúr nár sháraigh aon rud seachas tonnta teasa 2003, a bhí ina gcúis le 70 000 bás iomarcach[27]. Déanann éifeachtaí an athraithe aeráide difear do gach réigiún agus do gach catagóir shocheacnamaíoch, ach ní ar an mbealach céanna, is é sin go mbíonn teaghlaigh leochaileacha neamhchosanta go díréireach ar na bagairtí thuas.

Tá méadú ag teacht ar chaillteanais eacnamaíocha mar theagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aimsir agus an aeráid, caillteanais a bhí chomh mór le **EUR 52.3 billiún in 2022**, agus is ag tuilte a bhíonn na tionchair is mó (40 %).

Tháinig méadú ar líon na **limistéar atá faoi thionchar triomach** san Aontas idir 2000 agus 2022[28]. Mhéadaíodh an limistéar ina raibh tionchar diúltach ar tháirgiúlacht fásra faoi chúig in 2022 i gcomparáid leis an meán i gcaitheamh na tréimhse sin. Mar shampla, rinne triomach difear do níos mó ná 50 % den limistéar a bhfuil fásra ann sa Bheilg, i Lucsamburg agus sa tSlóivéin an bhliain sin, i gcomparáid leis an meán fadtéarmach atá faoi bhun 10 %. Ar an taobh eile, ní raibh tionchar inbhraite ar bith ar Éirinn. Cuireann strus triomaigh bac ar chumas éiceachóras carbón a stóráil, tionchar tuilte ina dhiaidh sin a bhainistiú, rannchuidiú le táirgeadh bia agus raon leathan tairbhí eile a chur ar fáil. Meastar go dtiocfaidh méadú ar thonnta teasa sa todhchaí agus go mbeidh níos lú báistí samhraidh i réigiúin na mór-roinne agus na Meánmhara. Fágann sin go bhfuil sé ag éirí níos práinní athléimneacht a chothú trí chleachtais bainistithe talún.

I **straitéis 2021 an Aontais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**,[29] leagtar amach an fhís chun Aontas Eorpach aeráid-díonach a bhaint amach faoi 2050, atá go hiomlán ullamh chun tionchair dhosheachanta an athraithe aeráide atá infheicthe cheana féin a bhainistiú.

Leagtar síos sa Dlí Aeráide Eorpach oibleagáid ar an Aontas agus ar na Ballstáit dul chun cinn leanúnach a dhéanamh maidir le leochaileacht i leith tionchair aeráide a laghdú, athléimneacht a mhéadú agus acmhainneacht oiriúnaitheach a fhorbairt. D'eisigh an Coimisiún measúnú faoin Dlí Aeráide Eorpach i mí na Nollag 2023. Tá **measúnuithe riosca aeráide** déanta ag beagnach gach Ballstát den Aontas, cé nach gcuireann ach roinnt bheag acu measúnuithe cuimsitheacha láidre ar fáil ar riosca aeráide ar fud níos mó ná cúig earnáil. Tuairiscítear gurb iad an tsláinte, an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an bhithéagsúlacht, bainistiú fuinnimh agus uisce na réimsí beartais/earnálacha is mó atá thíos le bagairtí aeráide

[26] Ag brath ar na foinsí sonraí (NatCatSERVICE agus CATDAT). Féach https://www.eea.europa.eu/publications/economic-losses-and-fatalities-from.

[27] Heat-related mortality in Europe during the summer of 2022 | Nature Medicine

[28] EEA, 04-Drought impact on ecosystems in Europe-indicator — European Environment Agency (europa.eu)

[29] COM(2021) 82 final.

san Eoraip. Tá **straitéisí** agus/nó **pleananna náisiúnta oiriúnaithe** i bhfeidhm ag gach Ballstát. Tá **sraith nua treoirlínte** eisithe ag an gCoimisiún **chun cabhrú leis na Ballstáit** iad a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme.

Tá gnéithe dá mbeartas oiriúnaithe leabaithe ina **gcreataí dlíthiúla intíre** ag ocht mBallstát. Tá sásraí faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta in easnamh i roinnt Ballstát. Ní chuimsítear **réitigh dhúlrabhunaithe** ach go pointe áirithe ar leibhéal straitéiseach agus trí dhoiciméid bheartais, go háirithe i straitéisí agus i bpleananna earnála. Is dúshlán fós é do go leor Ballstát measúnú a dhéanamh ar **chostais an oiriúnaithe** agus is minic nach mbíonn buiséid ná sruthanna maoinithe tiomnaithe ag a gcuid pleananna agus straitéisí chun na pleananna a chur chun feidhme.

An tráth céanna, tá gníomhaíocht leathan ar siúl chun straitéis oiriúnaithe 2021 an Aontais a chur chun feidhme. Tá feabhas tagtha ar chomhleanúnachas beartais trí obair chun an t-**oiriúnú a phríomhshruthú i mbeartais eile de chuid an Aontais**, i mbeartas sláinte, mar shampla. Ar bhonn níos leithne, tá dul chun cinn déanta maidir le feasacht a ardú ar thionchair aeráide agus ar an ngá atá le hullmhú dóibh[30].

I mí an Mhárta 2024, d'eisigh an Coimisiún **teachtaireacht maidir le rioscaí aeráide an Aontais a bhainistiú**, tar éis fianaise a cuireadh ar fáil i dtuarascáil eolaíoch Eorpach maidir le Measúnú Riosca Aeráide agus i bhfoinsí eile. Chuir an teachtaireacht réimsí gníomhaíochta chun cinn ina bhfuil gá le hathrú céime chun saoránaigh agus ár ngeilleagair a chosaint go héifeachtach. Cuireadh i dtábhacht inti freisin an breisluach Eorpach a bhaineann le tacú le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal príobháideach maidir le hinniúlacht agus úinéireachta riosca.

2.3 Geilleagar ciorclach glan

D'fhéadfadh geilleagar ciorclach astuithe carbóin, brú ar acmhainní nádúrtha agus ar an mbithéagsúlacht a laghdú, agus truailliú a laghdú chomh maith. D'fhéadfadh sé cuidiú leis an Eoraip táirgiúlacht acmhainní a mhéadú suas le 3 % in aghaidh na bliana agus sprioc 2050 maidir le haeráidneodracht a bhaint amach. Tá samhlacha eacnamaíocha ciorclacha ábalta iomaíochas fadtéarmach gheilleagar an Aontais a spreagadh freisin, a athléimneacht a mhéadú agus slándáil an tsoláthair a chosaint[31].

Tá creat reachtach fónta ag an Aontas anois chun dlús a chur leis an aistriú **chuig geilleagar ciorclach**. Mar sin féin, tógann sé am chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Tá gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe chun an creat sin a rolladh amach chun dul i ngleic leis na tionchair dhiúltacha comhshaoil a bhíonn ag tomhaltas ábhar agus le treochtaí neamh-inbhuanaithe a chonacthas le 10 mbliana anuas san Aontas maidir le giniúint dramhaíola. Beidh sé ríthábhachtach dlús a chur leis an ngníomhaíocht ar gach leibhéal agus i ngach earnáil

[30] Féach, mar shampla, an tAtlas Eorpach um Riosca Triomach agus an Bunachar Sonraí Eorpach um Thionchar Triomach, an breathnóir Tuilte agus creat Sendai um rioscaí tubaiste a laghdú – Athbhreithniú meántéarma 2023, ag: https://data.europa.eu/doi/10.2795/151300.

[31] Growth Within: A Circular Economy Vision For a Competitive Europe; McKinsey Centre for Business and Environment & Ellen Macarthur Foundation; Meitheamh 2015. De réir Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030, COM(2023) 168 final.

chun an fás a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní nádúrtha, chun úsáid inbhuanaithe ábhar a áirithiú agus athléimneacht agus slándáil an tsoláthair a threisiú.

Ba é 14.8 tona per capita **lorg amhábhair** an Aontais in 2022, is é sin **méadú 6 % le 10 mbliana anuas**. Ba iad mianraí neamh-mhiotalacha formhór na n-ábhar, arna spreagadh ag gníomhaíochtaí tógála, a raibh an méadú is airde in úsáid ábhar acu (+22 %).[32]

Tháinig **laghdú beagnach 3 %** ar **ghiniúint dramhaíola** iomlán an Aontais ó gach gníomhaíocht eacnamaíoch agus gach teaghlach le 10 mbliana anuas, agus bhain sé 4.8 tona per capita a bhaint amach in 2020, rud a léiríonn díchúpláil bheag ó OTI. Mar sin féin, tá méadú níos mó ná 20 % tagtha ar dhramhaíl ó phacáistiú, go háirithe pacáistiú plaisteach, le 10 mbliana anuas san Aontas go 36 kg de dhramhaíl ó phacáistiú plaisteach in aghaidh an duine in 2021[33]. Déantar níos mó dramhaíola a athchúrsáil agus a aisghabháil san Aontas, ach níor tháinig ach líon teoranta ábhar (thart ar 11.5 %) isteach sa gheilleagar mar ábhair athchúrsáilte in 2022[34].

A bhuí le **méadú thart ar 35 % ar tháirgiúlacht acmhainní** ó bhí 2000 ann[35], tháinig laghdú thart ar 25 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais ó 2008-2021, rud a léiríonn go bhfuil ról tábhachtach ag an aistriú chuig geilleagar ciorclach sa chonair i dtreo na haeráidneodrachta[36].

Tá sé d'aidhm ag **plean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh**[37] **2020** fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní, ár lorg tomhaltais a laghdú, an ráta úsáide ábhar ciorclach a dhúbailt, toirteanna foriomlána dramhaíola a laghdú go suntasach agus toirt na dramhaíola cathrach iarmharach (neamh-athchúrsáilte) a laghdú faoina leath.

Tá gach ceann de na **35 beart a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta curtha chun cinn** ag an gCoimisiún. Is tionscnamh beartais ceannródaíoch a chuireann le cur chuige saolré na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht é an **Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe**,[38] agus leathnaíonn sé an creat chun ceanglais feidhmíochta agus faisnéise bhunú, lena n-áirítear **pas táirge digiteach** le haghaidh raon leathan táirgí. Beidh sé fíor-riachtanach an Rialachán seo a chur chun feidhme sna blianta atá le teacht chun a áirithiú gur táirgí ciorclacha agus inbhuanaithe an norm. Cuideoidh an **Treoir maidir le Tomhaltóirí a Chumhachtú**[39] agus an togra le haghaidh **treoir maidir le héilimh ghlasa**[40] le rogha na dtomhaltóirí trína chur ar a gcumas do thomhaltóirí táirgí inbhuanaithe lena gceannach a shainaithint gan iad a chur amú.

Seoladh tionscnaimh nua freisin chun dul i ngleic le hábhair imní maidir leis an gcomhshaol a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas teicstílí, faoi threoir **straitéis an Aontais maidir le teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha**. **Tionscnaimh eile a chuirfidh athrú mór** ar chúrsaí

[32] Tacar sonraí Eurostat (cei_pc020)
[33] Tacar sonraí Eurostat (cei_pc050)
[34] Tacar sonraí Eurostat (cei_srm030)
[35] Tacar sonraí Eurostat (cei_pc030)
[36] Tacar sonraí Eurostat (cei_gsr011)
[37] COM(2020) 98 final.
[38] COM(2022) 142 final.
[39] COM(2022) 143 final.
[40] COM(2023) 166 final.

is ea an **Rialachán nua maidir le Ceallraí**[41] agus na tograí le haghaidh Rialachán maidir le **pacáistiú agus dramhaíl ó phacáistíocht**[42] agus **maidir le dearadh agus bainistiú deireadh**[43] **ré feithiclí**.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar phríomhphíosaí reachtaíochta maidir le dramhaíl, lena n-áirítear an **Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola**[44] agus nuashonrú ar na teorainneacha le haghaidh **Truailleáin Orgánacha Mharthanacha** i ndramhaíl[45]. Mhol an Coimisiún freisin athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir Réime Dramhaíola chun dul i ngleic le **dramhaíl bhia agus teicstílí**[46], agus béim ar leith á leagan ar dhramhaíl a chosc agus ar raon feidhme na freagrachta leathnaithe táirgeora a leathnú.

Sheol an Coimisiún tionscnaimh chun truailliú plaisteach a laghdú, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur **ar scaoileadh micreaphlaisteach**[47] isteach sa chomhshaol, go háirithe togra chun **dul i ngleic le truailliú ó chaillteanas millíní** agus **srian ar mhicreaphlaistigh a cuireadh isteach d'aon ghnó**. Chuir sé creat beartais nua ar aghaidh freisin maidir le **plaisteach bithbhunaithe, in-bhithmhillte agus inmhúirínithe**[48] agus rinne sé dul chun cinn ar bhearta a chur i bhfeidhm chun **plaistigh aonúsáide** a laghdú. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá caibidlíocht ar siúl maidir le conradh domhanda nua ar thruailliú plaisteach.

Déantar prionsabail na ciorclaíochta a **phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais** amhail an plean gníomhaíochta sóisialta Eorpach, an Rabharta Athchóiriúcháin, an taighde agus an nuálaíocht. Is bunchloch den Ghníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla[49] í an chiorclaíocht freisin, rud a rannchuidíonn le plean tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Tá sí i gcroílár conairí aistrithe earnáilsonracha freisin chun tionscal na hEorpa a dhícharbónú, agus is príomhspreagthóir í chun cuspóirí tosaíochta eile faoin 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol a bhaint amach.

Tá **lucht ceaptha beartas, gnólachtaí, údaráis phoiblí agus daoine den phobal tar éis dul i ngleic le tionscnaimh maidir leis an ngeilleagar ciorclach** le 10 mbliana anuas, trí bhíthin Ardán Pháirtithe Leasmhara Eorpacha an Gheilleagair Chiorclaigh. Go dtí seo, ghlac 23 Bhallstát straitéisí, pleananna gníomhaíochta nó treochláir i dtaca leis an ngeilleagar ciorclach.

Sheol an tAontas an Chomhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní chun dlús a chur leis an **aistriú domhanda** agus thacaigh sé léi.

Maidir le gníomhaíochtaí amhail úsáid acmhainní níos éifeachtúla i dtáirgeadh, síneadh a chur le saolré táirgí, nó príomhábhair nach ngabhann ábhair athchúrsáilte leo atá chomh dian céanna ó thaobh carbóin de a chur in ionad príomhábhair, meastar go bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin rannchuidiú 20-25 % a dhéanamh le spriocanna aeráide an Aontais faoi 2050. Tá

[41] Rialachán (AE) 2023/1542.
[42] COM(2022) 677 final.
[43] COM(2023) 451 final.
[44] COM(2021)709 final
[45] Rialachán (AE) 2022/2400 maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha
[46] COM(2023) 420 final.
[47] COM(2023) 645 final agus gníomh ón gCoimisiún C(2023) 6419.
[48] COM(2022) 682 final.
[49] COM(2023) 160.

gníomhaíocht ar siúl freisin chun taighde a dhéanamh ar na sineirgíochtaí idir an geilleagar ciorclach agus bithgheilleagar inbhuanaithe.

Tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ábhar, laghdaítear go mór **spleáchas ar ábhair allmhairithe.** San Aontas, déantar thart ar 23 % d'ábhair a allmhairiú,[50] ábhair fuinnimh iontaise den chuid is mó, lena n-áirítear plaistigh (71 % d'allmhairí), agus amhábhair chriticiúla (amhail cóbalt agus sileacan) atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.[51]

Chun an t-aistriú glas a mhaoiniú, tá gá le comhpháirtíochtaí láidre leis na Ballstáit agus le gnólachtaí, arna spreagadh ag tagarmharcanna an Aontais agus **infheistíochtaí spriocdhírithe go maith**, agus is pointe tagartha fíor-riachtanach é Tacsanomaíocht AE chun maoiniú inbhuanaithe a shlógadh agus a threorú. Trí úsáid bhreise a bhaint as **ionstraimí margadh-bhunaithe** agus **soláthar poiblí glas** ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, d'fhéadfaí cuidiú le táirgí inbhuanaithe a bheith ina norm.

Tá **comhthuiscint agus clár oibre domhanda** maidir leis an ngeilleagar ciorclach ag teacht chun cinn de réir a chéile. Ós rud é go **gcuirfeadh sásra iltaobhach dlús leis an aistriú domhanda,** leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chur chuige iomlánaíoch na Náisiún Aontaithe maidir le Tomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe.

2.4 Truailliú nialasach ar mhaithe le timpeallacht saor ó thocsainí

Tá truailliú ar cheann de na príomhchúiseanna atá le galair mheabhrach agus fhisiceacha agus bíonn básanna anabaí ina dtoradh air freisin. Cuireann truailliú folláine agus sláinte daoine i mbaol agus gineann sé costais eacnamaíocha ar an tsochaí. Tá sé ar cheann de na cúig phríomhchúis le cailliúint na bithéagsúlachta freisin, agus is rud é a laghdaíonn cumas na n-éiceachóras seirbhísí a sholáthar amhail ceapadh carbóin agus dí-éilliúchán.

Leagadh síos an bunús chun spriocanna 2030 maidir le **truailliú nialasach** a bhaint amach, ach chun na cuspóirí a bhaint amach, is gá dul chun cinn seasta a dhéanamh i raon leathan réimsí, ó thruailliú aeir, réimse ar ábhar misnigh an dul chun cinn atá á dhéanamh ann, go truailliú uisce, mara agus ithreach, réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta. Léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí ó EEA[52] go bhfuil an tAontas ar an mbealach chun a sprioc 2030 a bhaint amach, is é sin **laghdú 55 % a dhéanamh ar líon na mbásanna anabaí** mar gheall ar mhínábhair cháithníneacha, ach níl maidir leis an sprioc 2030 chun **nochtadh do thorann** iompair a laghdú faoi 30 %. Beidh sé an-dúshlánach an sprioc a bhaint amach chun caillteanais cothaitheach isteach i screamhuisce a laghdú faoi 50 % ar a laghad. Is fadhb mhór ilghnéitheach é bruscar plaisteach ar muir go fóill.

[50] Tacar sonraí Eurostat (cei_gsr030)
[51] Tacar sonraí Eurostat (cei_gsr020)
[52] EEA 07-Premature deaths due to exposure to fine particulate matter in Europe-indicator — European Environment Agency (europa.eu) agus COM(2022) 674.

In 2021, bhí 253 000 bás anabaí san Aontas a bhí inchurtha i leith mínábhar cáithníneach, is é sin titim 41 % ó bhí 2005 ann[53]. Le linn na tréimhse 2016-2019[54], rinneadh truailliú ar 14.1 % de na stáisiúin screamhuisce san Aontas le níotráití, agus sháraigh an meántiúchan bliantúil an tairseach 50 mg NO/l, is é sin beagnach pointe céatadáin níos mó ná an tréimhse roimhe sin.

Bíonn tionchar ag creimeadh, caillteanas carbóin orgánaigh, sárú cothaitheach (nítrigin), balcadh nó salannú tánaisteach ar thart ar dhá thrian d'ithreacha talmhaíochta i limistéar an Aontais[55]. Ar an iomlán, cé nach bhfuil laghdú ag teacht ar dhíolacháin lotnaidicídí, tá laghdú ag teacht ar an riosca a bhaineann lena n-úsáid agus tá díolacháin na lotnaidicídí níos guaisí (iarrthóirí ar ionadú) ag laghdú le himeacht ama[56].

Tá an sprioc maidir le truailliú nialasach a bhaint amach ar mhaithe le timpeallacht saor ó thocsainí **athraithe ó dhul i ngleic le poncfhoinsí an truaillithe go cur chuige córasach maidir le brú comhshaoil**, lena ngabhann naisc shoiléire le réimse na tionsclaíochta agus le hearnálacha eile den gheilleagar.

Den chéad uair riamh, tá **plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú ag an Aontas atá comhtháite agus cuimsitheach chun**[57] **truailliú san aer, san uisce agus san ithir a laghdú** go leibhéil nach ndéanann dochar a thuilleadh don tsláinte ná d'éiceachórais nádúrtha.

Faoin am seo, tá formhór na dtionscnamh agus na ngníomhaíochtaí suaitheanta (os cionn 75 %) a fógraíodh sa phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú curtha i gcrích nó tá siad ag céim chun tosaigh sa chur chun feidhme.[58] Rinneadh athbhreithniú ar dhlíthe an Aontais chun **an uaillmhian a mhéadú** trína **raon feidhme a leathnú chun níos mó gníomhaíochtaí truaillithe a chumhdach**, amhail an reachtaíocht athbhreithnithe lena **rialaítear astaíochtaí tionsclaíocha**[59] agus **cóireáil fuíolluisce uirbigh**[60], nó chun **rialacha an Aontais** maidir le cáilíocht an aeir[61] agus truailleáin uisce a oiriúnú [62]**do na leibhéil a fhorordaítear san eolaíocht**. Den chéad uair riamh, beidh leibhéal cosanta ag **ithreacha** [63] atá cosúil le héiceachórais eile, tríd an togra ón gCoimisiún le haghaidh dlí maidir le faireachán ithreach.

Ag comhlánú an phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú, bunaítear ordlathas soiléir sa **straitéis ceimiceán um an hinbhuanaitheacht**[64] ina sonraítear gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do chosc a chur ar thruailliú. Chuige sin, glacadh moladh chun

[53] EEA: 07-Premature deaths due to exposure to fine particulate matter in Europe-indicator — European Environment Agency (europa.eu)
[54] COM(2021) 1000 final.
[55] COM(2023)416 final.
[56] Foinse: Staidreamh | Eurostat (europa.eu); treochtaí AE - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)
[57] COM(2021) 400 final.
[58] Rianaire gníomhaíochtaí maidir le Truailliú Nialasach
[59] COM/2022/156 final/3.
[60] COM(2022) 541 final.
[61] COM/2022/542 final.
[62] COM(2022) 540.
[63] COM(2023) 416 final.
[64] COM(2020) 667 final.

ceimiceáin a dhéanamh **sábháilte agus inbhuanaithe de réir dearadh,** agus leis an **Rialachán athbhreithnithe maidir le Lipéadú Aicmiúcháin agus Pacáistiú**[65] déanfar lipéadú ceimiceán guaiseach níos soiléire, lena n-áirítear le haghaidh díolacháin ar líne. Mhol an Coimisiún simpliú a dhéanamh ar na próisis chun déileáil le ceimiceáin chun an gealltanas maidir **le substaint amháin, measúnú amháin** a rinneadh faoin gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme[66]. Mhol sé freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an **Rialachán maidir le Mearcair**[67] chun srian breise a chur leis na húsáidí mearcair atá fágtha san Aontas: i mí Feabhra 2023, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú polaitiúil sealadach[68].

Tá feabhas tagtha ar **chomhleanúnachas beartais** trí ghníomhaíocht chun truailliú a chosc agus a laghdú a áireamh i straitéisí eile an Chomhaontaithe Ghlais agus trí fheabhas a chur ar an **gcreat cumasúcháin**. Áirítear ar na nithe is déanaí a cuireadh le Tacsanomaíocht AE, is infheidhme ó thús 2024, gníomhaíochtaí chun truailliú a chosc, a rialú agus a laghdú trí infheistíochtaí inbhuanaithe in uisce, mar aon le gníomhaíochtaí eile le haghaidh chuspóirí comhshaoil an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht[69]. Tacaíonn ionstraimí maoinithe an Aontais le gníomhaíochtaí i leith truailliú nialasach i go leor réimsí. Chuidigh príomhshruthú aeráide faoi bhuiséad ilbhliantúil an Aontais agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta le tacaíocht a mhéadú do bhearta chun cáilíocht an aeir a fheabhsú. Chun an **bonn eolais** a fheabhsú, thíolaic an Coimisiún an chéad Tuarascáil Faireacháin agus Ionchais maidir le Truailliú Nialasach agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta gaolmhara faoin gclár Fís Eorpach.

Tá cur **chun feidhme tapa na mbeart atá ann cheana nó atá beartaithe ar an leibhéal** áitiúil, náisiúnta, trasteorann agus domhanda ríthábhachtach chun cuspóirí 2030 a bhaint amach. Ní féidir an sprioc maidir le truailliú nialasach a bhaint amach ach amháin i gcomhar le spriocanna an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach, an bhithéagsúlacht a chosaint agus aistriú chuig geilleagar glan ciorclach. Tá sé tábhachtach freisin truailliú nialasach a phríomhshruthú isteach i réimsí beartais eile. Tá sé ríthábhachtach na naisc idir **truailliú, sláinte an duine agus neamhionannais** a nochtadh chun tacaíocht phoiblí a thabhairt d'fhreagairtí beartais chun dul i ngleic le cúiseanna an truaillithe. Tá sé ríthábhachtach an prionsabal '**costas an truaillithe ar an truaillitheoir**' a chur i bhfeidhm i mbeartais earnáilsonracha eile le haghaidh beartais chothroma éifeachtacha, ag tógáil ar thaithí le bearta a oibríonn go maith, amhail an t-athrú a rinneadh le déanaí chun freagracht leathnaithe táirgeora a chur san áireamh sa Treoir athbhreithnithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[70].

Chun dlíthe a chur chun feidhme go héifeachtach, is gá **anailísíocht sonraí a chomhtháthú** a thuilleadh idir sonraí comhshaoil agus sonraí sláinte poiblí, agus léirshamhlú comhtháite

[65] COM(2022) 748 final.
[66] Bhí trí thogra reachtacha i gceist leis sin maidir le sreafaí sonraí ceimiceán (COM(2023) 779), maidir le hobair ar cheimiceáin a ath-leithdháileadh ar fud ghníomhaireachtaí an Aontais (COM(2023) 783), agus lena leasaítear an Treoir maidir le Srianadh Substaintí Guaiseacha i dtrealamh leictreach agus leictreonach (COM(2023) 781).
[67] COM(2023) 395 final.
[68] Preaseisiúint
[69] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún.
[70] COM(2022) 541 final.

geologánaithe ar thionchair truaillithe[71]. Ba cheart iad sin a nascadh le gníomhaíocht chumasúcháin, go háirithe infheistíochtaí agus comharthaí praghsanna, agus gníomhaíocht chun scileanna, taighde, nuálaíocht agus digitiú a chur chun cinn lena ndírítear ar réitigh i leith truailliú nialasach. Na tionscnaimh shuaitheanta sa phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú, go háirithe iad siúd a bhaineann le beartais uirbeacha agus réigiúnacha, tá tús curtha iontu cheana féin maidir le hanailísíocht sonraí a chomhtháthú agus is féidir iad a fhorbairt a thuilleadh. Oibreoidh an Coimisiún, i gcomhar le EEA, chun na sonraí is déanaí atá ar fáil a chomhroinnt agus a úsáid ar bhealach níos fearr sa chéad Fhaireachán eile ar Thruailliú Nialasach agus sa **Tuarascáil Ionchais**, a mheastar a fhoilseofar faoi dheireadh 2024.

2.5 Bithéagsúlacht a chosaint, a chothabháil agus a athbhunú

Cruthaíonn an caillteanas leanúnach dúlra agus bithéagsúlachta rioscaí móra do na seirbhísí éiceachórais a mbímid go léir ag brath orthu. Cuireann an dúlra bia agus uisce glan ar fáil, cuidíonn sé le tuilte a chosc, an t-aer a íonú, barra a phailniú, dé-ocsaíd charbóin a stóráil agus cuidíonn sé linn muid a oiriúnú d'aeráid atá ag athrú.

Léiríodh sa chéad mheasúnú ar éiceachóras an Aontais[72] go bhfuil éiceachórais na hEorpa faoi bhrú gan staonadh ó dhianúsáid talún agus mara, ón athrú aeráide, ón truailliú, ón róshaothrú agus ó speicis choimhthíocha ionracha. Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le limistéir chosanta a ainmniú le haghaidh limistéir thalún agus mhuirí. Níl méadú tagtha ar an leibhéal nascachta foraoise, agus tá líon na n-éan coiteann ag laghdú san Aontas go fóill. Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-éan foraoise, tá líon na n-éan ar thalamh feirme fós ag laghdú go mór.

I **Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030**[73], leagtar síos spriocanna uaillmhianacha le haghaidh 2030 chun an **dúlra a chosaint agus a athbhunú.** Éilítear inti gníomhaíocht chun dul i ngleic leis na cúig phríomhchúis atá le cailliúint na bithéagsúlachta: athruithe ar úsáid talún agus farraige, róshaothrú, athrú aeráide, truailliú agus speicis choimhthíocha ionracha.

Leis an **Dlí um Athbhunú Dúlra**, leagtar síos spriocanna chun éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú. Tá straitéisí maidir le **hithir** agus **foraoisí** glactha ag an Aontas, agus tá dhá thogra reachtacha chun **athléimneacht** na bpríomhéiceachóras sin a threisiú faoi chaibidil[74]. Seoladh bearta breise chun **pailneoirí** a chosaint[75]. Tá an Coimisiún tar éis beart a dhéanamh chun brúnna truaillithe ar an mbithéagsúlacht a laghdú, go háirithe faoi chuimsiú Straitéis an Aontais um an Inbhuanaitheacht agus an plean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú, le tionscnaimh nua maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh agus astaíochtaí tionsclaíocha[76].

[71] Seirbhísí Copernicus san áireamh.
[72] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC123783
[73] COM(2020) 380 final.
[74] COM(2023) 416 final agus COM(2023) 728 final.
[75] COM(2023) 35 final.
[76] COM(2022) 156 final/2 , COM(2022) 541 final.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le cuspóirí bithéagsúlachta a **phríomhshruthú** i mbeartais ghaolmhara de chuid an Aontais, go háirithe san fhoraoiseacht agus sa bheartas talmhaíochta, tríd an **straitéis maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, trí phlean gníomhaíochta orgánach an Aontais**[77] agus tríd an **straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc',** sa bheartas iascaigh tríd an **bplean gníomhaíochta muirí**[78] agus san earnáil fuinnimh (e.g. trí mheasúnuithe tionchair ar an gcomhshaol le haghaidh bonneagair fuinnimh agus trí spriocanna fuinnimh in-athnuaite méadaithe). De thoradh an phríomhshruthaithe, tá feabhas tagtha freisin ar thrádáil, comhar idirnáisiúnta, tomhaltas agus táirgeadh, laghdú truaillithe (go háirithe cothaithigh) agus sláinte.

Tá **réitigh atá bunaithe ar an dúlra** níos comhtháite i mbeartais eile agus á n-úsáid ar an talamh, amhail bearta aistrithe carbóin (féach Roinn 2.1) agus laghdú ar bhaol tuilte. Ós rud é go bhfuil an t-athrú aeráide agus an truailliú aeir ar cheann de na príomhchúiseanna le cailliúint na bithéagsúlachta, is féidir **le foinsí in-athnuaite cur le cosaint na bithéagsúlachta trína gcur in ionad táirgeadh fuinnimh ó bhreoslaí iontaise**.

Is tosaíocht é creat dlíthiúil an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán agus go pras, lena n-áirítear an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le héin, gnáthóga, speicis choimhthíocha ionracha, uisce, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus an dlí maidir le hathbhunú an dúlra. Cuideoidh na dlíthe nua atá beartaithe maidir le faireachán ithreach nó foraoisí, a luaithe a bheidh siad ina gcuid de dhlí an Aontais, leis na treochtaí diúltacha a aisiompú. Is céim ríthábhachtach chun na cuspóirí bithéagsúlachta a bhaint amach é glacadh agus cur chun feidhme éifeachtach straitéisí nó pleananna gníomhaíochta náisiúnta trasearnála ag na Ballstáit uile.

Cuirfidh an t-idirphlé straitéiseach a seoladh le déanaí ar thodhchaí na talmhaíochta leis an machnamh ar conas tacú le slite beatha inmharthana, ualaí a laghdú agus táirgeadh bia iomaíoch agus inbhuanaithe a chinntiú sa todhchaí[79]. Leanann gnólachtaí agus an earnáil airgeadais de ról níos mó a bheith acu i spleáchas an gheilleagair agus a thionchair ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht, agus ar na rioscaí gnó agus airgeadais a bhaineann le cailliúint na bithéagsúlachta. Measann an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta anois go bhfuil an measúnú riosca a bhaineann le díghrádú an dúlra agus le cailliúint na bithéagsúlachta ag titim go huile agus go hiomlán faoina sainordú ós rud é go bhfuil formhór na gcuideachtaí ag brath go mór ar sheirbhísí éiceachórais[80], amhail uisce glan, pailniú agus rialáil aeráide. Le tuilleadh dul chun cinn sa chuntasaíocht caipitil nádúrtha, ba cheart go dtiocfadh feabhas ar an bpróiseas chun na luachanna iomadúla a sholáthraíonn an dúlra a chomhtháthú i gcinntí beartais agus infheistíochta.

Áirítear i mbuiséad ilbhliantúil an Aontais le haghaidh 2021-27 na **spriocanna maidir le maoiniú bithéagsúlachta** den chéad uair (féach Roinn 3.2). Léiríonn meastacháin ar ghealltanais náisiúnta go bhfuil an tAontas ar an mbealach ceart chun an sprioc maoinithe

[77] COM(2021) 141 final/2.

[78] COM(2023) 102 final.

[79] Idirphlé Straitéiseach maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach (europa.eu)

[80] The Network for Greening the Financial System (NGFS) acknowledges that nature-related risks could have significant macroeconomic and financial implications; COM(2023) 376 final.

bithéagsúlachta 7.5 % a socraíodh le haghaidh 2024 a bhaint amach. Mar sin féin, d'fhéadfaí an sprioc maoinithe bithéagsúlachta 10 % a socraíodh le haghaidh 2026 agus 2027 a chailleadh. **Tá gá le tuilleadh infheistíochta sa dúlra**, ó fhoinsí de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon, lena n-áirítear dreasachtaí le haghaidh tionchair atá dearfach ó thaobh an dúlra amhail athbhunú an dúlra, réitigh dhúlra-bhunaithe agus cleachtais bhainistíochta inbhuanaithe – *inter alia* - éiceachórais talún, foraoiseachta, fionnuisce agus muirí.

Ar an **leibhéal idirnáisiúnta**, tugtar i g**Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal** (GBF) sraith chuimsitheach spriocanna agus gníomhaíochtaí uaillmhianacha chun cailliúint na bithéagsúlachta a chosc. Tá an Coimisiún ag ullmhú na haighneachta maidir le spriocanna an Aontais chun GBF a chur chun feidhme, a chumhdóidh na gealltanais a leagtar síos sa reachtaíocht agus sna beartais atá ann cheana agus atá beartaithe. Léireofar san aighneacht freisin an leibhéal ailínithe idir spriocanna an Aontais agus GBF.

Léirítear i measúnú an Choimisiúin ar a mhéid atá an tAontas ailínithe leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachtago gcumhdaítear formhór na spriocanna leis na tionscnaimh bheartais atá ann faoi láthair agus leis an reachtaíocht a moladh le déanaí (a bhfuil a nglacadh ar feitheamh). Tá obair fós ar siúl freisin chun creat láidir faireacháin a thabhairt chun críche chun dul chun cinn maidir leis na spriocanna uile a rianú, sreafaí sonraí atá ann cheana a fheabhsú agus samhlacha agus cásanna a fhorbairt chun tacú leis an obair chun roghanna beartais agus bearta a fhorbairt i ndiaidh 2030.

Le clár oibre an Aontais maidir le **rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan**, léirítear an tiomantas do shraith uaillmhianach spriocanna bithéagsúlachta muirí. Is mór-éacht é an **comhaontú maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta** a thabhairt i gcrích go rathúil agus an mórmhuir a dhíthruailliú agus an saol muirí a athbhunú san aigéan domhanda. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé **maoiniú idirnáisiúnta don bhithéagsúlachta dhúbailt** mar rannchuidiú leis an sprioc USD 20 billiún a bhaint amach faoi 2025. Éileoidh an sprioc USD 30 billiún faoi 2030 tuilleadh acmhainní agus iarrachtaí, ar an leibhéal domhanda freisin.

2.6 An brú comhshaoil agus aeráide a thagann ó tháirgeadh agus ó thomhaltas a laghdú

Tá an tAontas tar éis dul i mbun **athrú ó bhonn** ar a phatrúin tomhaltais agus táirgthe, agus geilleagar ciorclach aeráidneodrach agus tíosach ar acmhainní á dtógáil aige, geilleagar a bheidh athléimneach in aghaidh suaití soláthair, rud a neartóidh iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

Tá **lorg tomhaltais** an Aontais tar éis teorainneacha an phláinéid a shárú agus tháinig méadú 4 % air idir 2010 agus 2021. Is iad patrúin tomhaltais reatha i réimsí an **bhia, na tithíochta agus an iompair**[81] is mó is cúis leis sin. Bíonn tionchar ag **ganntanas uisce**[82] ar bheagnach

[81] https://eplca.jrc.ec.europa.eu/ConsumptionFootprintPlatform.html

[82] Foinse: EEA, https://www.eea.europa.eu/publications/european-union-8th-environment-action-programme/indicators/24-water-scarcity-conditions-in/view

aon trian de réimsí an Aontais agus tá sé ar cheann de na bagairtí is contúirtí don tsochaí. Níor tháinig laghdú ar an **mbrú ar thógáil talún**[83].

Tá laghdú tagtha ar **thomhaltas** fuinnimh a bhuí le héifeachtúlacht fuinnimh[84], agus tá méadú faoi dhó tagtha ar fhoinsí **fuinnimh in-athnuaite** le 17 mbliana anuas[85]. Tá méadú beag tagtha ar an **úsáid a bhaintear as ábhair thánaisteacha** agus tá laghdú beag tagtha ar astaíochtaí GCT san earnáil tionsclaíochta. Tá an talmhaíocht ag athrú de réir a chéile i dtreo na **feirmeoireachta orgánaí**, ach tá méideanna móra astaíochtaí GCT agus truailleán aeir fós á n-astú san earnáil. Tá laghdú tagtha ar dhíolacháin **frithmhiocróbán** san Aontas le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe ach níl an méid **dramhbhia** ag titim. San iompar, thit sciar an **iompair phoiblí** (busanna agus traenacha) in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19 ach tá sé ag teacht aniar anois agus tá méadú suntasach tagtha ar sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha le 5 bliana anuas.

Tá **straitéisí comhtháite** ag an Aontas **anois le haghaidh príomhchórais táirgthe chun borradh a chur faoin athrú sistéamach**: an tAontas Fuinnimh, Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, an rabharta athchóiriúcháin, an straitéis bhithgheilleagair agus an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ (féach an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis chun tuilleadh mionsonraí a fháil). Cuirtear i dtábhacht go láidir i straitéis iomaíochais fhadtéarmach an Aontais[86] go bhfuilimid ag pointe cinniúnach chun go n-éireoidh linn san aistriú glas agus san aistriú digiteach agus chun fanacht tarraingteach i gcónaí don ghnó.

Áirítear i straitéisí aeráide agus comhshaoil an Aontais, amhail na pleananna gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach agus an geilleagar ciorclach, **bearta i bpríomhearnálacha chun na spriocanna a bhaint amach**. Déanann pacáiste ‘Oiriúnach do 55’ amhlaidh, pacáiste a théann i ngleic le hathrú ar thalamhúsáid freisin. Áirítear i dtionscnaimh an Aontais maidir le hathbhunú an dúlra agus ithir bearta uaillmhianacha chun **tógáil talún** a aisiompú agus chun feabhas a chur ar chumas na talún feidhmeanna éiceolaíocha luachmhara a chur i gcrích (e.g. carbón a stóráil agus talamh a chosaint ar thuilte, cosc ar thuilte, pailniú). Cuireann Tacsanomaíocht AE dreasachtaí ar fáil chun caipiteal príobháideach a leithdháileadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Cuireann an Seimeastar Eorpach treoir bhreise ar fáil maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ar cheart do na Ballstáit tabhairt fúthu chun spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil an Aontais a bhaint amach.

Is acmhainn ríthábhachtach é an t-uisce atá faoi bhrú cheana féin i go leor áiteanna san Eoraip mar gheall ar mhíbhainistíocht struchtúrach, úsáid talún neamh-inbhuanaithe, athruithe hidreamhoirfeolaíocha, agus truailliú. Tá an t-athrú aeráide ag cur leis na brúnna sin agus leis na rioscaí a bhaineann le huisce i bhfoirm triomaigh fhada nó níos minice nó frasaíocht fhoircneach mar a léiríodh sa Teachtaireacht maidir le Rioscaí Aeráide. Tá sé ríthábhachtach

[83] Foinse: EEA, https://www.eea.europa.eu/publications/european-union-8th-environment-action-programme/indicators/23-land-take-net-land/view

[84] Lena n-áirítear Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás.

[85] Tacar sonraí Eurostat (nrg_cb)

[86] COM(2023) 168 final.

an timthriall uisce a chosaint agus a athbhunú, geilleagar uisce-chliste an Aontais a chur chun cinn agus rochtain do chách ar fhionnuisce glan a chosaint chun a áirithiú go mbeidh Eoraip atá athléimneach ó thaobh uisce de againn.

Trí chur chuige an **gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm go hiomlán maidir le hearnálacha tionsclaíocha breise**, go háirithe cruach, stroighin, plaistigh agus alúmanam, d'fhéadfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda ó phríomhábhair thionsclaíocha a laghdú faoi 40 % faoi 2050, de réir meastachán. Tá sé thar a bheith tábhachtach aistrithe carbóin a mhéadú, lena n-áirítear linnte carbóin nádúrtha, sna hearnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur leo chun aeráidneodracht a bhaint amach. Le Ciste Nuálaíochta CTA an Aontais agus leis an nuashonrú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha[87], cuideofar le claochlú glas thionscal an Aontais agus tacófar leis an nuálaíocht. Cé gur ghéaraigh an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite[88] critéir **inbhuanaitheachta an bhithfhuinnimh**, lena n-áirítear limistéir le seachaint i leith bithmhais foraoise.

Tá **an earnáil tógála**, **foirgnimh agus bonneagar** fós ar an earnáil is déine ar fhuinneamh agus ar ábhair san Aontas agus tá siad ina gcúis le talún agus séalú ithreach. Thángthas ar an gconclúid i dTuarascáil 2023 ar Staid an Fhuinnimh nach **mór d'earnáil na tógála dlús suntasach a chur** leis an aistriú i dtreo cleachtais inbhuanaithe. D'fhéadfaí laghdú 30 % a chur ar úsáid ábhar le haghaidh foirgnimh dá mbainfí úsáid níos éifeachtúla astu, go háirithe trí **shíneadh a chur le saolré na bhfoirgneamh atá ann cheana** agus tríd an éileamh ar fhoirgnimh nua a laghdú. Tacaíonn an Ciste Aeráide Sóisialta[89] le **hathchóirithe tithíochta**, lena gcuirtear deiseanna a rachaidh chun tairbhe do gach taobh ar fáil i dtaca le cuspóirí aeráide, sóisialta agus fuinnimh, agus aird ar leith á tabhairt ar na grúpaí is leochailí.

In **earnáil an bhia**, beidh sé ríthábhachtach **tacú le feirmeoirí, iascairí agus foraoiseoirí** chun na cuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach le chéile. Le huirlisí nuálacha maoiniúcháin, amhail cineálacha cur chuige feirmeoireachta carbóin agus bithéagsúlachta, is féidir **réitigh a rachaidh chun tairbhe do chách a** chur ar fáil trí luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as cáilíocht na hithreach agus a torthúlacht a chaomhnú nó a mhéadú, chomh maith le cáilíocht agus infhaighteacht uisce a chaomhnú nó a mhéadú. Tá na spriocanna dramhaíola bia 2030[90] atá ceangailteach ó thaobh dlí ceaptha chun cuidiú leis na hiarmhairtí comhshaoil agus aeráide a laghdú. Tá creat beartais taighde agus nuálaíochta an Aontais ag tacú go mór leis an aistriú chuig córais bhia atá inbhuanaithe, sláintiúil agus cuimsitheach.

Ní mór don Aontas faireachán níos fearr a dhéanamh ar na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag trádáil ar an gcomhshaol agus iad a íoslaghdú. In 2021, thug an tAontas rialacha isteach maidir le **dramhaíl phlaisteach a onnmhairiú, a allmhairiú agus a loingsiú laistigh den Aontas,** bunaithe ar Choinbhinsiún Basel. Tá onnmhairí dramhaíola plaistí chuig tíortha nach bhfuil in ECFE ón Aontas tar éis titim ó thart ar 1 mhilliún tona in 2020 go dtí thart ar 0.5 milliún tona in 2022. Leis an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola[91] a glacadh le déanaí,

[87] Treoir (AE) 2010/75.
[88] Treoir (AE) 2023/2413.
[89] Rialachán (AE) 2023/955.
[90] COM(2023) 420 final.
[91] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2024-0087_EN.html

ghlac an tAontas céim thábhachtach eile sa treo sin. Cuideoidh meastóireacht leanúnach ar an Rialachán maidir le Toiliú Feasach Roimh Ré[92] le bearta deartha chun a áirithiú nach dtáirgtear ceimiceáin ghuaiseacha a bhfuil toirmeasc orthu san Aontas Eorpach lena n-onnmhairiú.

3. DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS NA COINNÍOLLACHA CUMASÚCHÁIN A ROGHNAÍODH

Mar chuid den athbhreithniú meántéarma, rinne an Coimisiún anailís ar an dul chun cinn maidir le coinníollacha cumasúcháin a úsáid atá cnuasaithe thart timpeall na bpríomhdhúshlán. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo, tugtar tuilleadh sonraí maidir leis na coinníollacha cumasúcháin eile dá dtagraítear san 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol.

3.1 Cur chun feidhme, forfheidhmiú agus an smacht reachta comhshaoil

Tá cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta atá ann cheana ríthábhachtach chun tionchar a imirt ar an láthair, go háirithe maidir leis an reachtaíocht uaillmhianach a glacadh faoi chreat reachtach an Chomhaontaithe Ghlais. Ach dlíthe comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme ina n-iomláine, d'fhéadfaí thart ar EUR 55 bhilliún a shábháil gach bliain i gcostais sláinte agus costais dhíreacha ar an gcomhshaol[93]. Deimhníodh san Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil 2022 go ndearnadh dul chun cinn maith i roinnt réimsí, ach nach bhfuil sé leordhóthanach go fóill. Baineann 20 % de na cásanna maidir le sárú ar dhéileáil an Coimisiún leo fós leis an mbeartas comhshaoil. Is ábhar muiníne ag an bpobal sa phróiseas polaitiúil é **comhlíonadh an smachta reachta** freisin. Le Rialachán athbhreithnithe Aarhus maidir le Rochtain ar an gCeartas[94], neartaítear grinnscrúdú na sochaí sibhialta ar ghníomhartha an Aontais. Soláthraíonn an Treoir nua-chomhaontaithe Maidir le Coireacht Chomhshaoil[95] an bonn chun cionta nua coireachta comhshaoil a ionchúiseamh agus chun pionóis chomhchuibhithe a eisiúint, bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna.

Chun **an bhearna sa chur chun feidhme** a dhúnadh, beidh gá le hiarrachtaí suntasacha trí **hacmhainn riaracháin** níos fearr agus **sásraí rialachais** níos láidre a fhorbairt. Tá leibhéal forfheidhmithe na gceart aonair agus comhchoiteann a bhaineann le cúrsaí comhshaoil míchothrom ar fud an Aontais.

Beidh sé ríthábhachtach fanacht de bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na hoibre cur chun feidhme a fheabhsú[96]. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear maidir le dearadh agus cur chun feidhme athchóirithe tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

[92] Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, L 201/60.
[93] Staidéar The costs of not implementing EU environmental law study - Publications Office of the EU (europa.eu)
[94] Rialachán (AE) 2021/1767.
[95] COM(2021) 851 final.
[96] Féach SWD(2023) 254 final maidir leis an gcaoi a ndéanann an Coimisiún faireachán ar fhorfheidhmiú dhlí AE.

3.2 An t-aistriú a mhaoiniú

Tá **dlús curtha ag an gComhaontú Glas le maoiniú ón earnáil phoiblí**[97] **agus ón earnáil phríobháideach a shlógadh** le haghaidh an aistrithe.

Tá **buiséad ilbhliantúil an Aontais le haghaidh 2021-2027** mar bhonn agus mar thaca ag cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, go háirithe trí sprioc uaillmhianach aeráide 30 % a leagan síos, sprioc ar dócha go sárófar í ag an gcéim seo (réamh-mheasta 32.6 %). Tá sprioc aeráide 37 % ann freisin don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an phríomhionstraim faoi NextGenerationEU, lena slógtar cistiú breise de bhreis agus 42 % de na hinfheistíochtaí iomlána arna leithdháileadh ar infheistíochtaí aeráide agus comhshaoil. Chruthaigh sé sin sineirgíochtaí suntasacha ó infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar ciorclach ar mhaithe leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht, agus in infheistíochtaí bithéagsúlachta in oiriúnú don athrú aeráide nó i dtruailliú nialasach.

Tá an prionsabal '**gan dochar suntasach a dhéanamh'** ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh infheistíochtaí an Aontais slán i bhfad na haimsire. D'eisigh an Coimisiún treoraíocht maidir le conas an prionsabal sin a chur i bhfeidhm maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus tá sé ag obair faoi láthair ar chur chuige comhleanúnach chun é a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí maoiniúcháin eile de chuid an Aontais (amhail an Ciste Aeráide Sóisialta, Beartas Comhtháthaithe, InvestEU) agus an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe[98], agus chun an prionsabal sin a dhéanamh infheidhme ar fud bhuiséad an Aontais.

Leis an trédhearcacht a cruthaíodh le creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais, lena n-áirítear tacsanomaíocht AE, cabhraíodh le **hatreorú sreafaí caipitil phríobháidigh a ath-leithdháileadh** agus **le costais chaipitil a laghdú** le haghaidh gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí inbhuanaithe. Trí fheasacht a phríomhshruthú a thuilleadh maidir leis na deiseanna chomh maith leis na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an athrú aeráide agus le díghrádú an dúlra[23], beidh margaí airgeadais in ann ról iomlán a imirt chun cuidiú leis an aistriú a chistiú. Is cúis misnigh an fhianaise is déanaí maidir le tionchair chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais[99], rud a deimhníodh freisin, mar shampla, leis **an méadú mór ar bhannaí glasa**: ó 0.6 % in 2014 go 8.9 % in 2022 de bhannaí uile an Aontais. Mar sin féin, tá gá fós le gníomhaíocht bhreise mar a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le sprioc 2040[100].

D'fhéadfaí tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh an costas a chur ar an truaillitheoir. Mar shampla, mhol an Coimisiún go n-áireofaí prionsabal na freagrachta leathnaithe táirgeora san athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh. Tá gealltanais nua tugtha freisin agus tá spéis in **ionstraimí margadhbhunaithe** go háirithe ar an leibhéal náisiúnta chun infheistíochtaí a dhíriú ar chuspóirí glasa agus aeráide.

[97] Ní mór cistiú poiblí ó na Ballstáit a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an státchabhair a bhfuil feidhm acu freisin maidir le cistí de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte.
[98] Rialachán (AE) 2022/2434.
[99] Féach e.g. Platform on Sustainable Finance report on a compendium of market practices - European Commission (europa.eu)
[100] COM(2024) 63 final

D'fhéadfadh sé sin cuidiú leis **an laghdú ar sciar na gcánacha comhshaoil san ioncam cánach iomlán** a aisiompú (ó 6.0 % in 2010 go 5.5 % in 2021), mar gheall ar dheacrachtaí polaitiúla maidir le hathruithe ar an gcóras cánach agus dúshláin shóisialta agus eacnamaíocha ghaolmhara a chur chun feidhme[101]. Tá níos lú ná 4 % de na cánacha comhshaoil uile nasctha le truailliú agus le húsáid acmhainní gan saothrú, agus baineann breis agus 96 % díobh le fuinneamh agus iompar.

Leis an gComhaontú Glas, cothaítear úsáid níos mó a bhaint as **uirlisí buiséadaithe glasa** chun infheistíocht phoiblí, tomhaltas agus cánachas a atreorú chuig tosaíochtaí glasa agus chun imeacht ó fhóirdheontais dhíobhálacha. Tá na rialacha **maidir le soláthar poiblí glas** ag éirí níos sainordaithí (e.g. faoi na tionscnaimh le déanaí maidir le ceallraí, feidhmíocht fuinnimh foirgneamh[102], táirgí foirgníochta[103] agus táirgí inbhuanaithe). D'ainneoin na hoibre sin, níor tháinig aon athrú, a bheag ná a mhór, ar fhóirdheontais breosla iontaise atá thart ar EUR 56 bhilliún (praghsanna 2022) le linn na tréimhse 2015-2021, agus úsáideadh beagnach leath díobh chun ola a fhóirdheonú agus os cionn an ceathrú cuid chun gás nádúrtha a fhóirdheonú.

Tháinig méadú beagnach 120 % ar fhóirdheontais breosla iontaise idir 2021 agus 2022 mar fhreagairt ar an ngéarchéim praghsanna fuinnimh. Faoin Rialachán maidir Rialachas[104], tuairiscíonn na Ballstáit ar **gach fóirdheontas fuinnimh**. Tá modheolaíocht á forbairt ag an gCoimisiún freisin chun fóirdheontais neamhfhuinnimh atá díobhálach don chomhshaol a thuairisciú.

Tá praghsáil carbóin, amhail CTA AE, ag laghdú astaíochtaí. Gineann sé ioncaim do na Ballstáit chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun tacú le nuálaíocht thionsclaíoch agus le teaghlaigh ar mhaithe le haistriú cothrom. Sa chéad trí bhabhta, leithdháil an an Ciste don Nuálaíocht EUR 6.5 billiún ar thart ar 100 tionscadal píolótach agus gléasra taispeána le haghaidh teicneolaíochtaí nuálacha ísealcharbóin.

Cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar leibhéal na n-infheistíochtaí glasa san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, **tá bearna shuntasach infheistíochta comhshaoil fós ann ar fud an Aontais**, bearna atá idir EUR 95 bhilliún agus EUR 145 bhilliún in aghaidh na bliana go dtí 2030[105].

3.3 Rialachas le haghaidh ceapadh beartais comhtháite

Cuirtear raon leathan **réiteach comhtháite chun cinn le tionscnaimh uaillmhianacha rialachais de chuid an Aontais** maidir le dúshláin shochaíocha, chomhshaoil agus aeráide sna Ballstáit. Mar shampla, ciorclaíocht a chomhtháthú i bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus i straitéis iomaíochais an Aontais, lena n-áirithítear go nglacfar réitigh dhúlrabhunaithe i straitéisí náisiúnta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, pleananna maidir le

[101] Tacar sonraí Eurostat (ten00141)
[102] COM(2021) 802 final.
[103] COM(2022) 144 final.
[104] Rialachán (AE) 2018/1999.
[105] Ar choinníoll go ndéantar na hinfheistíochtaí bonnlíne ábhartha, i.e. fuinneamh, iompar, tionscal nó talmhaíocht, a chur chun feidhme agus go soláthraíonn siad na comhthairbhí is gá don chomhshaol.

glasú uirbeach, lena n-áirítear an timpeallacht thógtha, bonneagar glas agus straitéisí/pleananna úsáide talún.

Le timthriall bliantúil an Aontais de chreat rialachais mhaicreacnamaíoch, an **Seimeastar Eorpach,** déantar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Clár Athléimneachta an Aontais a leabú anois. Tá sé bunaithe ar an **gcreat inbhuanaitheachta iomaíoch,** lena gcumhdaítear aistriú na bpríomhthionscal (fuinneamh, soghluaisteacht, agraibhia, an timpeallacht thógtha) chuig samhlacha eacnamaíocha ciorclacha agus chuig neodracht carbóin. Cumhdaítear leis freisin cosaint an dúlra, athléimneacht uisce, an bhearna infheistíochta comhshaoil, gnéithe sóisialta agus fostaíochta d'aistriú cothrom agus cuimsitheach, deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol agus an an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir', lena n-áirítear cánacha. Léirítear é sin i moltaí tírshonracha 2023, lena leagtar béim láidir ar an aistriú glas, go háirithe an t-aistriú fuinnimh agus scileanna glasa agus an timpeallacht thionsclaíoch agus thógtha i gcás fhormhór na mBallstát. D'fhéadfadh an fócas ar thosaíochtaí comhshaoil eile a bheith níos géire freisin.

3.4 Samhlacha gnó inbhuanaithe ar mhaithe le geilleagar athléimneach

Is iad éiceachórais shláintiúla bunchloch ár ngeilleagair. **Tá gnólachtaí ag brath go mór ar acmhainní nádúrtha**: Tá 72 % de na 4.2 milliún cuideachta sa limistéar euro ag brath go mór ar sheirbhís amháin ar a laghad a bhaineann leis an dúlra amhail pailniú, uisce glan, ithir shláintiúil, nó adhmad.[106]

Meastar go gcuirfidh feidhmiú céimneach reachtaíocht an Chomhaontaithe Ghlais **le fostaíocht agus oll-bhreisluach in earnálacha an gheilleagair ghlais**, agus ar an mbealach sin borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. Léirigh na hearnálacha sin athléimneacht shuntasach le linn géarchéimeanna as a chéile, is é sin gur éirigh níos fearr leo ná an geilleagar trí chéile. Mar sin féin, is lú ná 3 % fós den gheilleagar san Aontas é an geilleagar glas.[107]

Is **iondúil go ndéantar neamhaird fós ar rannchuidiú agus luach an dúlra in an iomarca cinntí gnó agus infheistíochta**. Chun é sin a leigheas, beidh gá le comhpháirtíochtaí láidre le gnó, agus na príomh-thagarmharcanna a leagtar síos faoi rialacha an Aontais mar bhonn taca leo. Leis an tionscnamh le déanaí maidir le 'maoímheanna glasa', téitear i ngleic leis an riosca go mbeidh glas-snasú ann, rud is féidir a shárú trí mhodheolaíochtaí caighdeánaithe a úsáid. Leis an **Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach**[108] agus leis an **Treoir atá beartaithe maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta**[109], tacaítear le hiompraíocht chorparáideach fhreagrach ar fud na slabhraí luacha agus déantar drochthionchair shóisialta, aeráide agus chomhshaoil gníomhaíochtaí gnó ag cuideachtaí de chuid an Aontais agus ag cuideachtaí neamh-AE araon atá ag feidhmiú san Aontas a chosc, a mhaolú agus aghaidh a thabhairt orthu. Sholáthródh glacadh méadaithe **modheolaíochtaí cuntasaíochta nua um bainistiú caipitil nádúrtha corparáideach** sonraí luachmhara le

[106] COM(2023) 376 final.
[107] Tacar sonraí Eurostat (env_ac_egss2)
[108] Treoir (AE) 2022/2464.
[109] COM(2022) 71 final.

haghaidh nochtuithe cuideachtaí, mar shampla faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun cuidiú le cuideachtaí a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

Chun tacú le samhlacha gnólachtaí inbhuanaithe, tá sé chomh tábhachtach céanna **rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú** do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí AE atá i mbun fáis chomh maith le taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn, **scileanna a fhorbairt agus na hamhábhair chriticiúla is gá a chur ar fáil**.

3.5 Aistriú cóir agus cothroime comhshaoil

Ní dhéantar tionchair an díghrádúcháin comhshaoil agus an truaillithe ar shaoránaigh an Aontais a dháileadh go cothrom laistigh de Bhallstáit an Aontais ná ina measc. **Grúpaí leochaileacha** — bíodh siad leochaileach ar chúiseanna socheacnamaíocha, sláinte, aoise, inscne nó toisc gur mionlach iad **— bíonn tionchar díréireach** ag an athrú aeráide, ag guaiseacha comhshaoil agus rioscaí gaolmhara sláinte agus athruithe i margadh an tsaothair orthu. **Lagaíonn sé sin an comhtháthú sóisialta**, rud a bhaineann an bonn den mhuinín as rialtais agus, dá bhrí sin, d'inmharthanacht an aistrithe.

Is é is aidhm do **chlár oibre an Aontais um Aistriú Cóir** aistriú a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach. Is ciste é an Sásra um Aistriú Cóir chun tacú le hoibrithe agus le saoránaigh atá ina gcónaí sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú difear dóibh (tá EUR 100 billiún ar a laghad ag an gciste). Laghdaíonn an Córas Trádála Astaíochtaí astaíochtaí agus gineann sé ioncam do na Ballstáit chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Leis an **gCiste Aeráide Sóisialta** arna chistiú ag CTA, slógfar EUR 87 mbilliún chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, le húsáideoirí iompair agus le micrifhiontair. Léiríodh sa chéad mheasúnú[110] ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta[111] a áirithiú go bhfuil na Ballstáit ag tosú ar bhearta a chur chun feidhme le haghaidh aistriú cothrom, agus go bhfuil difríochtaí suntasacha ann idir tíortha agus go bhféadfaí feabhas a chur orthu.

Téitear i ngleic i Straitéis an Aontais maidir le **Comhionannas Inscne** 2020-2025 agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le neamhionannais inscne agus neamhionannais fhorluiteacha sa phróiseas sin[112]. Tacaíonn **Clár Oibre Scileanna an Aontais** le foghlaimeoirí, idir óg agus aosta, rochtain a fháil ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Níl an **bonn fianaise** don nasc idir an comhshaol agus an tsochaí sách forbartha fós, seachas roinnt eisceachtaí. Níor tháinig feabhas ar **neamhionannais truaillithe aeir** ó 2007 go dtí 2020. Tá leibhéil PM2.5 ag na réigiúin is boichte (ag a bhfuil an 20 % is ísle OTI in aghaidh an duine) atá, go seasta, thart ar aon trian níos airde ná an meán, agus tá ionchais ísle ann maidir

[110] Príomhtheachtaireachtaí ó EMCO agus ó SPC maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú pdf (europa.eu).

[111] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo aeráidneodracht a áirithiú, 2022/C 243/04.

[112] Féach ar Innéacs Comhionannais Inscne EIGE 2023 maidir le naisc idir inscne agus an comhshaol.

le feabhas tapa. Is lú an rochtain atá ag daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar uisce óil ar ardchaighdeán agus ar shláintíocht[113].

D'fhéadfadh feasacht níos fearr **ar acmhainneacht an gheilleagair ghlais poist a chruthú** cur leis an tacaíocht phoiblí. In 2021, bhí poist ag 4.3 milliún duine sa gheilleagar ciorclach, is é sin méadú 11 % i gcomparáid le 2015[114], agus tháinig méadú 27 % ar an mbreisluach gaolmhar chun thart ar EUR 299 billiún a bhaint amach[115]. Tá thart ar 1 mhilliún duine fostaithe san earnáil uisce ghlain, dramhaíola agus feabhsúcháin agus tá infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glana ag spreagadh tuilleadh cruthú post.

Tá feasacht níos mó ann maidir leis an ngá atá le **grúpaí leochaileacha** a chosaint (mar shampla, faoin treoir maidir le cáilíocht an aeir atá beartaithe agus faoin Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbeach) agus faoi chur chun feidhme **Cholún Sóisialta Eorpach na gCeart** maidir le rochtain ar uisce. Is deis iad na hathruithe sin chun dlús a chur le gníomhaíocht maidir le cothroime comhshaoil. Ar an leibhéal domhanda, tá ceannródaíocht déanta ag an Aontas ar Chomhpháirtíochtaí Fuinnimh um Aistriú Cóir leis an Afraic Theas, leis an Indinéis, le Vítneam, leis an tSeineagáil agus leis an India. Leis an gClár Oibre um Aistriú Cóir a bunaíodh ag COP28, beifear in ann malartuithe a dhéanamh maidir le conairí um aistriú cóir.

3.6 An nasc idir an comhshaol agus an tsláinte

Tá feasacht mhéadaithe ann maidir le ról an dúlra agus na bithéagsúlachta do shláinte agus d'fholláine an duine. Ó bhí 2021 ann, tacaíonn an Fhaireachlann Eorpach Aeráide agus Sláinte le comhar maidir leis an tionchar atá ag an athrú aeráide ar shláinte an duine agus cuireann Atlas Sláinte agus Comhshaoil EEA léarscáileanna ar fáil chun na tionchair chomhshaoil a léirshamhlú.

Is féidir **bás anabaí amháin as deich san Eoraip** a nascadh le truailliú, rud a dhéanann difear níos mó do na grúpaí daonra atá faoi mhíbhuntáiste agus leochaileach. Meastar go bhfuil cúiseanna comhshaoil bainteach le h**os cionn an ceathrú cuid de mhilliún bás de dheasca ailse** san Eoraip gach bliain agus bíonn tionchar díobhálach ag an truailliú ar **leanaí óga**[116]. Sa Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte[117], leagtar béim ar na tionchair **mheabhairshláinte** a bhíonn ag nochtadh poiblí do thruailliú aeir nó do cheimiceáin thocsaineacha, agus ar an tionchar dearfach a bhíonn ag comhshaol glan ar an tsláinte fhisiciúil agus ar an meabhairshláinte araon.

Tá níos mó imní ar eolaithe faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **micreaphlaistigh** ar shláinte an duine, agus tugann siad rabhadh go bhféadfadh fadhbanna **sláinte atáirgthe agus forbartha** a bheith mar thoradh ar nochtadh do cheimiceáin, lena n-áirítear neamhthorthúlacht, iomrall, forbairt neamhghnácha féatais agus caithreachas luath.

---

[113] Féach: An Coimisiún Eorpach, Rochtain ar Sheirbhísí Riachtanacha (Colún Eorpach na gCeart Sóisialta): Fianaise ó Bhallstáit an Aontais, Tuarascáil Deiridh Sintéise, 2023.
[114] Tacar sonraí Eurostat (cei_cie011)
[115] Tacar sonraí Eurostat (cei_cie012)
[116] COM(2021) 44 final.
[117] COM(2023) 398 final.

Aithnítear leis an **‘gcur chuige Aon Sláinte Amháin’** go bhfuil an tsláinte phoiblí agus sláinte ainmhithe clóis agus fiáine, plandaí agus an chomhshaoil i gcoitinne idirspleách ar a chéile. Áirítear an cur chuige sin i dtionscnaimh de chuid an Aontais amhail straitéisí ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus straitéisí cógaisíochta, lena n-áirítear gníomhaíocht chun úsáid fhoriomlán ábhar frithmhiocróbach a laghdú, lena n-áirítear i bhfeirmeoireacht ainmhithe, chun frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chosc.

Ar an **leibhéal domhanda**, thacaigh an tAontas go luath leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus faoin gComhaontas Ceathairthaobhach (FAO, UNEP, EDS agus WOAH). Le **Dearbhú COP28 maidir leis an Aeráid agus an tSláinte**[118], cuirtear ceangal ar na páirtithe dul i ngleic le tionchair sláinte a bhaineann leis an aeráid agus an comhar maidir leis an tSláinte Aonair a chur chun cinn.

3.7 An digitiú

Cuirtear i dtábhacht san 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol go bhfuil acmhainneacht neamhshaothraithe ag an digitiú chun dlús a chur leis an aistriú.

Féachtar leis an **tionscnamh spáis Sonraí Glasa** a chur chun feidhme agus leis an athbhreithniú ar na rialacha maidir le comhroinnt sonraí geospásúla comhshaoil (‘GreenData4All’), le sonraí comhshaoil ábhartha a chur ar fáil chun ceapadh agus cur chun feidhme beartais fhianaisebhunaithe a neartú.

Sampla sonrach amháin is ea an **Pas Táirge Digiteach** nua, ar féidir é a sheachadadh faoi straitéis an Aontais ‘Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach’. Cuideoidh an pas táirge le níos lú ábhar agus níos lú fuinnimh a úsáid, astaíochtaí a laghdú, dramhaíl a íoslaghdú agus fiú dí-ábharú a chur chun cinn.

Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta maidir leis an digitiú **é a dhéanamh níos éasca** ar na Ballstáit agus gnólachtaí **tuairisciú** a dhéanamh ar fheidhmíocht aeráide agus chomhshaoil.

Ní hamháin gur féidir le gníomhaíocht maidir leis an digitiú cuidiú le rialtais ach an pobal a chumhachtú chun faireachán a dhéanamh ar staid an chomhshaoil freisin. Trí leas a bhaint as **lánacmhainneacht an bhailiúcháin agus na hanailíse sonraí nua-aimseartha** (lena n-áirítear trí shatailítí Copernicus) neartófar an creat faireacháin agus tuairiscithe faoin 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol. Trí mhodhanna **eolaíocht na saoránach** a úsáid, is féidir feasacht a mhúscailt, brú poiblí a chur ar rialtais agus cur le fadbhreathnaitheacht chomhshaoil.

Ós rud é go bhfuil tionchair chomhshaoil an digitithe ag fás go tapa, beidh sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na **míbhuntáistí comhshaoil** a d’fhéadfadh a bheith ann (mar gheall ar an méadú gaolmhar ar úsáid fuinnimh agus ar tháirgeadh, tomhaltas agus diúscairt gléasanna leictreonacha).

[118] Focus on Health at COP 28 (who.int)

3.8 Glacadh domhanda

Baineann na príomhchúiseanna **atá leis an athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta leis an domhan ar fad, agus is iomaí cineál truaillithe trasteorann atá ann. Ní féidir leis an Aontas a chuspóirí aeráide agus comhshaoil a bhaint amach agus é ag gníomhú ina aonar**.

Tá spreagadh nua tugtha ag an gComhaontú Glas do ghníomhú domhanda glas agus aeráide an Aontais. Le **taidhleoireacht um an gComhaontú Glas don Eoraip**, tá spreagadh tugtha glacadh le cuspóirí aeráide, fuinnimh agus comhshaoil ar fud an domhain agus, tar éis phaindéim COVID-19, le h**inbhuanaitheacht sa téarnamh eacnamaíoch domhanda**. Sheol an tAontas **Comhghuaillíochtaí Glasa** leis an tSeapáin, an Iorua agus Ceanada agus **Comhpháirtíochtaí Glasa** leis an gCóiré agus Maracó. . Tá dlús curtha ag an Aontas lena chomhar le deontóirí atá ar aon intinn leis, agus sheol sé Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir leis an Afraic Theas, Vítneam, an Indinéis agus an tSeineagáil. agus an tráth céanna, a rannpháirtíocht le roinnt tíortha eile agus le grúpálacha réigiúnacha a neartú. Ar an leibhéal iltaobhach, bhí glacadh **Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal** ag 15ú Comhdháil na bPáirtithe (COP15) den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus glacadh an **Chonartha maidir le Bithéagsúlacht i Limistéir Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta** ina gclochanna míle tábhachtacha sa chomhar idirnáisiúnta. Rinneadh dul chun cinn ag **comhdhálacha aeráide na Náisiún Aontaithe COP27 agus COP28,** lena n-áirítear gealltanais an Athbhreithnithe Dhomhanda maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt agus acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus an Gealltanas Domhanda Meatáin lena gcumhdaítear earnálacha an fhuinnimh, na dramhaíola agus na talmhaíochta. Ba éachtaí tábhachtacha eile Creat Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Ceimiceáin, Comhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe 2023 agus seoladh na caibidlíochta maidir le sásra inmheánach rialtasach chun deireadh a chur le truailliú plaisteach. Is é an toradh atá ar an gComhaontú Glas don Eoraip reachtaíocht an Aontais (maidir le dífhoraoisiú, SCCT, etc.) arb é is aidhm di slabhraí soláthair níos inbhuanaithe a bhaint amach as a n-eascraíonn rannpháirtíocht níos láidre go hidirnáisiúnta maidir le saincheisteanna sonracha, lena n-áirítear i gcomhthéacs bheartas trádála an Aontais. Léirítear sa chéad **athbhreithniú deonach 2023 ar dhul chun cinn de chuid AE maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030** go bhfuil an tAontas tiomanta go hiomlán do na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus go bhfuil dul chun cinn déanta aige ina dtreo[119].

I bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair don **iltaobhachas** mar gheall ar an gcaidreamh geopholaitiúil atá ag dul in olcas, tá sé ríthábhachtach **tríú tíortha a spreagadh** chun cuspóirí comhroinnte aeráide agus comhshaoil a bhaint amach. Ní mór don Aontas cur lena ghréasáin taidhleoireachta, tionchar polaitiúil, saineolas teicneolaíoch, forálacha oiliúna agus acmhainní airgeadais chun **dul i dteagmháil le rialtais agus le gnólachtaí** agus chun cuidiú le **hathléimneacht dhomhanda a chothú** chun éagobhsaíocht, neamhshlándáil an tsoláthair bia, easáitiú daonra agus imirce éigeantach a chosc agus chun forbairt inbhuanaithe dhomhanda a

[119] COM(2023) 700 final.

chur chun cinn i ngach gné di. Tá sé ríthábhachtach freisin **an t-aistriú cóir a chómhaoiniú ar an leibhéal domhanda**.

4. DUL CHUN CINN A THOMHAS

Chun an dul chun cinn a mheas agus chun cumarsáid pholaitiúil straitéiseach ardleibhéil a éascú, thíolaic an Coimisiún an **8ú creat faireacháin don phlean gníomhaíochta don chomhshaol**, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara[120]. Áirítear ann 28 dtáscaire ceannlíne, lena soláthraítear cur chuige straitéiseach chun athrú córasach ar an láthair a rianú, i gcomhréir go hiomlán le huirlisí earnáilsonracha faireacháin aeráide agus comhshaoil. Bunaithe ar na táscairí ceannlíne a roghnaíodh, foilseoidh EEA **tuarascálacha faireacháin bliantúla**.

Mar a cheanglaítear faoin 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol, ba cheart go mbeadh an creat faireacháin cobhsaí chun cuntasacht a áirithiú. Glacadh é in 2022 agus tá na táscairí ceannlíne atá ann fós oiriúnach dá bhfeidhm. Mar sin féin, tá obair fós ar siúl chun feabhas a chur ar na táscairí reatha agus chun táscairí nua a fhorbairt (féach an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo), agus d'fhéadfaí an creat faireacháin a thabhairt cothrom le dáta amach anseo.

Le blianta beaga anuas, tá roinnt **creataí faireacháin trasearnála nua** forbartha ag an gCoimisiún chun an dul chun cinn maidir le hathrú sistéamach a thomhas, lena n-áirítear dul chun cinn maidir leis na SFInna agus maidir leis an athléimneacht. Agus na creataí sin á bhforbairt aige, bhain an Coimisiún úsáid as táscairí aeráide agus comhshaoil ó na creataí faireacháin téamacha atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an 8ú creat faireacháin ar an gclár gníomhaíochta don chomhshaol. Úsáidtear na táscairí sin freisin sa Seimeastar Eorpach. Tá obair ar siúl chun creat a fhorbairt **chun dul chun cinn 'thar OTI' a thomhas**, i dtreo deais folláine atá inbhuanaithe agus cuimsitheach.

5. CONCLÚIDÍ

Tá spriocanna fad-téarmacha, tionscnaimh agus dlíthe réime uaillmhianacha curtha i bhfeidhm ag an Aontas faoin gComhaontú Glas agus i gcomhréir leis an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol. Chuir sé sin an tAontas **ar an gconair cheart** chun geilleagar ciorclach neodrach glan dearfach ó thaobh an dúlra a bhaint amach. Tá creat dlíthiúil daingean aige anois lena leagtar síos cuspóirí aeráide agus comhshaoil agus reachtaíocht trasearnála chun dlús a chur leis an aistriú i bpríomhearnálacha an gheilleagair amhail fuinneamh, tionsclaíocht agus iompar. Ní mór formhór na dtionscnamh a chur chun feidhme ina n-iomláine go fóill. Dá bhrí sin, **tá sé róluath measúnú a dhéanamh ar a dtionchar iomlán ar an gcomhshaol**.

Leis an gComhaontú Glas, leagtar amach conair an Aontais i dtreo todhchaí inbhuanaithe ar bhealach lena seachnaítear pointí iompaithe sóisialta, aeráide agus comhshaoil, rud a dhéanfadh

[120] COM(2019) 640 final.

dochar don gheilleagar agus don tsochaí. Is straitéis shistéamach í, arna seachadadh i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí tosaíochta agus coinníollacha cumasúcháin an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol. Cuireann sé le sineirgíochtaí idir cuspóirí aeráide, comhshaoil, sóisialta, tionsclaíocha agus iomaíochais, le dul chun cinn i réimse amháin ag cruthú éifeacht ghiarála i réimsí eile.

Spreagfaidh na tionscnaimh maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus an truailliú nialasach athruithe dearfacha a chuideoidh leis an athrú aeráide a mhaolú agus leis an mbithéagsúlacht a chosaint. Má dhéantar an dúlra a chosaint, cruthaítear comhthairbhí don mhaolú ar an athrú aeráide agus don oiriúnú don athrú sin. Le geilleagar atá tíosach ar acmhainní, laghdaítear an brú ar éiceachórais, cuidítear le hiomaíochas fadtéarmach a choinneáil agus le hathléimneacht a chothú i gcoinne suaití seachtracha. Tá an fhís le haghaidh 2050 den 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol i gcroílár aistriú glas atá cóir agus cothrom san Aontas agus níos faide i gcéin, rud a dtugann an fhreagracht idirghlúine treoir di.

Beidh gá le hiarrachtaí ó na húdaráis ar gach leibhéal agus ón earnáil phríobháideach chun a áirithiú go mbeidh éifeachtaí ag na dlíthe ar an talamh agus **chun dlús a chur le luas na** laghduithe ar astaíochtaí, le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta, agus le glacadh réiteach glan agus ciorclach. Beidh simpliú, nuachóiriú agus digitiú, agus cistiú leordhóthanach ríthábhachtach chun an creat beartais agus rialála a chur chun feidhme go rathúil. Tá sé ríthábhachtach freisin na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme a thuiscint agus a shárú ionas gur féidir an creat dlíthiúil a fhréamhú, go mbeidh éifeacht aige agus go bhfaighidh sé tacaíocht ó gach duine lena mbaineann. Ní mór do gach earnáil agus gach grúpa an tairbhe a thugann an t-aistriú glas dóibh a fheiceáil.

Chuige sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara uile. Is samplaí iad an t-idirphlé le gníomhaithe eacnamaíocha agus leis na comhpháirtithe sóisialta agus na painéil saoránach[121] den obair sin chun tacú le príomhghrúpaí tuiscint a fháil ar rioscaí aeráide agus comhshaoil, agus chun a dtacaíocht a mhéadú do na bearta is gá chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chothú i ngach cuid den speictream socheacnamaíoch.

Tá gá le hinfheistíocht shuntasach chun an t-aistriú glas san Aontas a chumhachtú agus chun sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach an t-aistriú glas a mhaoiniú chun costas an athraithe aeráide agus an díghrádúcháin comhshaoil a sheachaint, rud a scriosann na seirbhísí éiceachórais a chothaíonn an geilleagar agus an tsochaí. Chun an bhearna mhaoiniúcháin a dhúnadh, tá gá le hinfheistíochtaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach agus ba cheart deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise agus fóirdheontais eile atá díobhálach don chomhshaol.

Tá an tionscal agus níos mó agus níos mó infheisteoirí rannpháirteach agus ag fáil tuiscint ar a bhfuil i gceist le hinbhuanaitheacht dá samhlacha gnó amach anseo agus ar na cinntí straitéiseacha is gá dóibh a ghlacadh san fhadtéarma. Chun go dtarlóidh an t-aistriú glas, ní mór é a chomhtháthú níos fearr i sásraí comhordaithe eacnamaíoch amhail comhordú maicreacnamaíoch agus an Seimeastar Eorpach.

[121] Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Ar deireadh, tá gníomhaíocht dhomhanda maidir leis an athrú aeráide agus cuspóirí comhshaoil ríthábhachtach. Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta tríd an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú plaisteach agus athléimneacht uisce le déanaí a chur i gcroílár an chláir oibre idirnáisiúnta. Tá an pobal idirnáisiúnta á spreagadh aige chun fís an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol a bhaint amach, mar atá maireachtáil go maith laistigh de theorainneacha ár bpláinéid.